Páipéar 20

ATHBHREITHNIÚ AR RIARACHÁN POIBLÍ (ARP): SCOILEANNA FAOI ÚINÉIREACHT PHOIBLÍ - ÚINÉIREACHT AGUS IONADAÍOCHT

Comhthéacs

1. Tá scoileanna faoi úinéireacht phoiblí (tugtar scoileanna rialaithe orthu faoi láthair) ar an ngrúpa scoileanna is mó sa chóras oideachais. Aithníonn an Roinn an ról tábhachtach a bhí ag scoileanna rialaithe sa chóras oideachais thar na blianta agus táthar ag iarraidh a chinntiú, faoi shocruithe iar-ARP, go mbeidh an earnáil áirithe seo cumhachtaithe agus treisithe chun go mbeidh ardchaighdeán oideachais á sholáthar, ar a bhfuil fáil ag gach aon duine agus a shásaíonn ionchais agus riachtanais na bpobal éagsúil ar a bhfreastalaíonn na scoileanna seo.

2. Ardaíodh méid áirithe saincheisteanna i bpáipéir pholasaí níos luaithe an ARP agus i moltaí athbhreithniú Bain maidir le húinéireacht agus le habhcóideacht i leith scoileanna atá faoi úinéireacht phoiblí. Tá cuid mhaith de na páirtithe leasmhara tar éis tuairimí láidre a nochtadh ar an ábhar seo freisin. Tá na clocha is mó ar a bpaidrín liostaithe thíos. Is é cuspóir an pháipéir seo ná féachaint ar na saincheisteanna a ardaíodh agus réitigh fhéideartha a mholadh, agus ag an am céanna, le cinntiú go bhfuil socruithe freagrachta agus rialuithe feiliúnacha i bhfeidhm leis an sócmhainn phoiblí luachmhar seo a chosaint.

Úinéireacht

3. Tá na scoileanna rialaithe faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht ag na Boird Oideachais agus Leabharlainne (BOL) i láthair na huaire. Faoi mholtaí an ARP, aistreofar úinéireacht na scoileanna seo chuig an ESA in Aibreán 2009 (chomh maith le sócmhainní eile na BOLanna). Ar go leor cúiseanna áfach, níl gá gurb é an socrú seo an ceann is feiliúnai san fhadtéarma.

4. Ar an gcéad dul síos, táthar ag súil go mbeidh an caidreamh oibríochta idir scoileanna faoi úinéireacht phoiblí agus an tÚdarás Oideachais agus Scileanna (ESA) go hiomlán difriúil ón gcaidreamh atá idir scoil rialaithe agus an Bord Oideachais agus Leabharlainne. Táthar ag súil go mbeidh 'neamhspleáchas freagrach' mar phríomhthréith an chaidrimh le tacaíocht ón ESA ar iarratas ó na scoileanna, seachas 'rialú agus ordú' - ón am seo amach, ní thabharfar scoileanna "rialaithe" orthu ach níl teideal eile socraithe go dtí seo. Dá bhrí sin, is fiú go mór machnamh a dhéanamh ar na socruithe úinéireachta do scoileanna faoi úinéireacht phoiblí, toisc go bhfuil sé de nós ag an ESA, caidreamh 'rialú agus ordú' a chur chun cinn seachas neamhspleáchas freagrach.

5. Ar an dara dul síos, d'ainneoin an fhíric go bhfuil na cinntí ar mholtaí forbartha scoileanna ar leith déanta ag an Roinn Oideachais (RO), tá baol aitheanta ann go mbeidh coinbhleacht leasa meabhairbhraite (nó iarbhír) i gceist ag eascairt as ról an ESA i bpleanáil eastát na scoileanna uile agus an bloc de scoileanna faoi úinéireacht phoiblí faoina úinéireacht freisin. Tá sé áitithe cheana féin ag páirtithe leasmhara áirithe go bhfuil an baol ann i gcónaí go gcuirfidh an ESA leas na scoileanna rialaithe chun tosaigh i gcomparáid le scoileanna eile mar gheall ar an choinbhleacht leasa seo. Tá daoine eile i ndiaidh a mhalairt a rá - áitíonn siad nach mbeidh déileáil chomhionann ag na scoileanna rialaithe toisc go bhfuil an ESA ag iarraidh a léiriú nach bhfuil fabhraíocht ar bith ar bun acu agus go bhfuil siad ag éisteacht leo siúd atá ag argóint ar son na n-earnálacha eile. Níl guth neamhspleách ar na BOLanna/ ESA ag an earnáil rialaithe agus tá dualgas ar an ESA chun déileáil le gach aon scoil ar bhealach atá réasúnta agus féaráilte; ní féidir tacú le haon chúis amháin d'aon ghrúpa scoile amháin.

6. Tá sé meáite ag na páirtithe leasmhara uile gur b'fhearr nach mbeadh úinéireacht ag an ESA ar na scoileanna chun nach mbeadh an seans ann go gcaithfear le scoil amháin ar bhealach difriúil (bíodh sé go fabhrach nó go mífhabhrach) i gcomparáid leis na grúpaí scoile eile.

Déanfaidh an doiciméad seo cás na húinéireachta a mheas agus feidhmeanna an úinéara dhlíthiúil nua a phlé.

7. Tá aird dírithe ag páirtithe leasmhara áirithe áfach, ar an ngéarghá atá le guth láidir chomhtháite chun aire a thabhairt do leasanna na hearnála. B'fhéidir gur cheart smaoineamh ar na modhanna inar féidir an earnáil rialaithe "a chumhachtú agus a threisiú" faoi shocruithe iar-ARP chun go mbeidh sé in ann dul i ngleic leis an rialtas ar an mbealach céanna le hearnálacha eile, sula ndéantar measúnú ar shaincheist theicniúil na húinéireachta dlíthiúla malartaí don eastát scoileanna rialaithe.

Ionadaíocht/ Abhcóideacht

8. Aithnítear go bhfuil earnáil an oideachais anseo iolraíoch go fóill agus go bhfuil mian láidir sna hearnálacha éagsúla chun ról lárnach a bheith acu go leanúnach. Tá feidhmeanna áirithe ar féidir iad a chur faoin teideal "tacaíocht earnála", lena n-áirítear:
   - Ról ionadaíochta agus abhcóideachta, lena n-áirítear comhairle agus tacaíocht mar fhreagra ar ghníomhartha comhairliúcháin i leith polasaithe oideachais, tionscnamh agus scéimeanna agus maidir le caidrimh leis an Roinn, an ESA, na Ranna eile agus an EAF. ;
   - Ag obair le scoileanna san earnáil chun éiteas comhchoiteann na hearnála a fhorbairt agus a chothabháil;
   - Gobharnóirí bunaidh a aithint/ainmniú agus daoine eile a ghríosú chun poist a ghlacadh mar ghobharnóirí pobail;
   - Páirt a ghlacadh i bpleanáil eastáit na scoileanna (pleanáil bunaithe ar limistéar), agus ag dul i ngleic, nuair is ceart le próisis phleanála straitéiseacha, lena n-áirítear pleanáil phobail;
   - Comhoibriú a fhorbairt agus teagmháil a dhéanamh le hearnálacha eile maidir le cúrsaí leasa comhchoiteanna, lena n-áirítear cur chun cinn caoinfhulaingthe agus tuisceana chomh maith le meas ar éagsúlacht.

9. Tá glactha le fada go bhfuil comhlíonadh na bhfeidhmeanna seo agus iarrachtaí na nGobharnóirí, foirne na scoileanna, tuismitheoirí agus daoine eile in ann luach a chur le hoideachas agus aontaíonn an tAire go mbeidh tacaíocht phroifisiúnta de dhíth ar na hearnálacha éagsúla leis an ról seo a chomhlíonadh. Mar sin féin, ardaíonn sé seo ceist maidir le scoileanna faoi úinéireacht phoiblí. Caithfear go mbeadh caidreamh cothromasach idir an ESA agus gach scoil, rud a chiallaíonn nach féidir leis an ESA na feidhmeanna seo a chomhlíonadh do scoileanna atá faoi úinéireacht phoiblí. Gan ionadaíocht earnála áfach, d'fhéadfadh sé go mbeadh na scoileanna faoi úinéireacht phoiblí fágtha i ndroch-chaoi agus iad ar an 'earnáil' is lú comhtháite, gan mheicníocht éifeachtach ag na gobharnóirí agus na príomhoidí le tacaíocht chómhalartach a sholáthar, agus í ar an aon earnáil gan ghuth éifeachtach maidir le comhairle ar pholasaí a sholáthar don RO ná ar phleanáil agus fhorbairt ar eastát na scoileanna.

<u>Ról na Comhairle Ionadaithe Aistreoirí</u>

10. Go stairiúil, rinne An Comhairle Ionadaithe Aistreoirí ionadaíocht ar na hEaglaisí Protastúnacha agus iad ag feidhmiú mar ghuth na hearnála rialaithe agus na suíocháin do na gobharnóirí bunaidh nó iar-úinéirí á líonadh trí ainmniúcháin ón dtrí phríomh-eaglais Protastúnacha (nó aistreoirí).

11. Beidh An Chomhairle Ionadaithe Aistreoirí i gcónaí ina ghuth láidir taobh istigh d'earnáil na scoileanna faoi úinéireacht phoiblí, agus is cinnte go mbeidh sí in ann roinnt de na feidhmeanna thuasluaite a chomhlíonadh. Dá mba rud é go raibh an Chomhairle mar an t-aon ghuth don earnáil, áfach, d'fhéadfadh sé gach scoil atá faoi úinéireacht phoiblí (lena n-áirítear iad siúd nár aistríodh) a bhrath le héiteas Protastúnach amháin. Tá sé soiléir go mbaineann éagsúlacht shuntasach leis an earnáil áirithe seo. Déanann an earnáil seo freastal ar réimse leathan creideamh, creidiúintí, cúlraí eitneacha agus trasghearradh leathan de ghrúpaí chuid 75; tá sé tábhachtach mar sin go léiríonn na socruithe don earnáil sin na difríochtaí ollmhóra atá ann agus go bhfreastalaíonn siad ar gach aon

duine atá faoi chúram na hearnála áirithe sin ar bhealach atá cothrom. Dá bhrí sin, is cinnte go bhfuil guth tábhachtach ag an gComhairle taobh istigh den earnáil seo ach d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le socruithe nua a chruthú le bonn níos leithne fúthu do scoileanna faoi úinéireacht phoiblí.

Ionadaíocht Earnála - an tslí is fearr le dul chun cinn

12. Tá sé beartaithe go mbeadh cúnamh deontais soláthraithe ón RO do chomhlacht ionadaíochta earnála don earnáil faoi úinéireacht phoiblí, agus an acmhainn phroifisiúnta aige an ról atá leagtha amach thuas a chomhlíonadh, ar an mbealach céanna is atá cúnamh deontais do thacaíocht earnála ar fáil sna hearnálacha ábhartha eile.

13. Tá sé meáite cé gur cheart go mbeadh ballraíocht ag an gComhairle i gcomhlacht mar seo, ba cheart go leanfaidh caidreamh díreach leis an rialtas ar shaincheisteanna atá bainteach ach go háirithe leis na heaglaisí Protastúnacha. Aithneoidh an socrú seo an gá a bhaineann le hionadaíocht agus abhcóideacht san earnáil faoi úinéireacht phoiblí uile, chomh maith le haithint ó am go chéile maidir le cúrsaí ar leith (m.sh. oideachas reiligiúnach, nó forbairt ar éiteas Críostaí sna scoileanna) go mbeidh ról comhlántach ach ról atá scartha, le himirt ag na heaglaisí Protastúnacha.

14. Toisc nach bhfuil eagraíocht ann cheana a bheadh in ann tabhairt faoin ról atá faoi chaibidil anseo, tá sé beartaithe go mbunófaí meitheal oibre, comhdhéanta de roinnt príomhoidí agus leasanna dílsithe taobh istigh den earnáil rialaithe le moltaí a fhorbairt d'eagraíocht chun tabhairt faoi ionadaíocht earnála ar scoileanna rialaithe. Is féidir na moltaí seo a scaipeadh ansin ar an earnáil ina hiomláine le faomhadh. Toisc go mbeadh an eagraíocht seo ann chun tuairimí na mball a chur in iúl, bheadh sé chomh maith dá ndéanfadh na baill (.i. iad siúd atá san earnáil rialaithe faoi láthair) an eagraíocht nua a dhearadh. Don seiftiúlacht, déanfaidh an Roinn i gcomhairliú leis na Boird Oideachais agus Leabharlainne, baill na meithle a ainmniú chun an eagraíocht a

bhunú. Agus an eagraíocht bunaithe, déanfaidh ballraíocht na heagraíochta cinntí maidir le baill do Bhord/Fheidhmeannach na heagraíochta chun seasamh le tuairimí na heagraíochta go poiblí.

15. Mar an gcéanna leis na heagraíochtaí éagsúla atá ag soláthar ionadaíochta do na hearnálacha eile, ba cheart go mbeadh an eagraíocht a sheasann do scoileanna faoi úinéireacht phoiblí ina eagraíocht dheonach agus tacaíocht earnála á fháil aici ón Roinn. Beidh sé mar choinníoll an deontais go mbeidh an eagraíocht in ann a thaispeáint go soiléir go léiríonn an struchtúr agus an cur chuige oibre atá aici an réimse leathan suimeanna agus cúlraí atá acu siúd ar a bhfuil freastal á dhéanamh ag an earnáil seo, agus go gcuirtear san áireamh iad. Mar shampla, d'fhéadfadh sé an chaoi a thaispeáint ina ndéanfaidh ionadaíocht orthu siúd atá san earnáil áirithe seo ó réimse creideamh agus cúlraí eitneacha, chomh maith leo siúd ó na catagóirí éagsúla chuid 75, lena n-áirítear na riachtanais áirithe a d'fhéadfadh a bheith ag na grúpaí seo.

16. Mar chomhlacht dheonach, ní bheadh sé feiliúnach go mbeadh na scoileanna féin faoi úinéireacht na heagraíochta seo. Ní bheadh a dhóthain slándála agus freagrachta á soláthar do shócmhainn phoiblí atá chomh luachmhar leis seo. Bheadh sé feiliúnach áfach, riachtanas reachtúil a chur i bhfeidhm chun go mbeadh ar an úinéir dlíthiúil nua tuairimí na heagraíochta a thógáil san áireamh agus é ag bainistiú na sócmhainní atá faoi mhaoirseacht aige. Ar an mbealach seo, beidh ról bríoch agus guth láidir faoi ráthaíocht dóibh siúd atá páirteach san earnáil maidir le cothabháil agus forbairt ar na háiseanna d'ardchaighdeáin a theastaíonn le bheith cinnte go bhfuil ardchaighdeáin oideachais ann atá ag feabhsú i gcónaí. Cé gurbh fhéidir go mbeidh úinéireacht dhlíthiúil ag grúpa eile, ba cheart go dtabharfadh an socrú seo braistint úinéireachta níos fearr dóibh siúd san earnáil.

<u>Úinéireacht Dhlíthiúil</u>

17. Tá níos mó na 600 scoil rialaithe, lena n-áirítear bunscoileanna, meánscoileanna, scoileanna gramadaí, scoileanna imeasctha agus Gaelscoileanna. Is fiú **níos mó ná £2.3billiún** (figiúirí 2006) an luach iomlán atá ag an eastát, tá sé seo in úinéireacht ag na Boird Oideachais agus Leabharlainne (BOLanna). De bharr an amchláir reachtaíochta, aistreofar na scoileanna rialaithe go léir chuig an ESA in Aibreán 2009 mar a bhí molta ón gcéad lá. Tá cinneadh déanta i bprionsabal ag an Aire áfach, gur cheart don ESA úinéireacht na scoileanna seo a scaoileadh chomh luath i ndiaidh an dáta sin agus is féidir. Le héascú a dhéanamh ar seo, caithfear socrú úinéireachta feiliúnaí a aithint agus chuige sin tá iniúchadh á dhéanamh ag an Roinn ar na himpleachtaí a bhaineann leis an réimse iomlán de roghanna atá ar fáil. Chun go mbeadh measúnú déanta ar fheiliúnacht na roghanna seo, caithfear go bhfuilimid ar fad soiléir faoin gciall atá le húinéireacht, caithfimid ról agus téarmaí tagartha an úinéara a shainmhíniú, agus na rialúcháin riachtanacha agus socruithe freagrachta atá ag teastáil a aithint.

<u>Ról na Eagraíochta Úinéireachta</u>

18. Céard atá i gceist againn le "húinéireacht" na scoileanna seo? Is leis na BOLanna faoi láthair iad agus tá na BOLanna ina n-údaráis bhainistíochta ar na scoileanna. Sa todhchaí, beidh Bord na nGobharnóirí ag gach scoil ina údarás bainistíochta don scoil sin agus iad freagrach as bainistíocht laethúil na scoile, lena n-áirítear a talamh agus sócmhainní. Faoi láthair, tugann na BOLanna cothabháil mar thiarna talún (.i. aire a thabhairt do struchtúr fisiciúil na scoile) do na scoileanna rialaithe agus coimeádta; mar sin sa todhchaí, ba chóir go mbeadh an ról seo ag an ESA. Dá bhrí sin, is cosúil go mbeidh ról thar a bheith srianta ag an úinéir dlíthiúil nua - .i. é a bheith ina úinéir dlíthiúil go teicniúil ar na scoileanna.

19. Tá feidhmeanna áirithe ar féidir a thabhairt don úinéir dlíthiúil nua lena n-áirítear, nuair is feiliúnaí, gobharnóirí bunaidh a ainmniú, moltaí forbartha a thabhairt chun tosaigh agus barrachas sócmhainní a chur de láimh. Toisc go mbeadh athruithe suntasacha ag baint le heastát na

scoileanna rialaithe, ba cheart go mbeadh dlúthchaidreamh oibre idir an úinéir agus an comhlacht ionadaíochta don earnáil rialaithe. Mar a bhí molta níos túisce, ba chóir go mbeadh guth láidir geallta dóibh siúd san earnáil agus is féidir é seo a éascú tríd dualgas reachtúil a chur ar an úinéir dlíthiúil tuairimí an chomhlachta a thabhairt san áireamh sula ndéanann sé gníomh ar bith maidir le heastát na scoileanna nó le hainmniú na ngobharnóirí. D'fhéadfadh sé go ndéanfar treisiú ar an gcaidreamh seo dá mba rud é go raibh forluí i mballraíocht na mBord idir an dá eagraíocht - b'fhéidir go mbeadh comhchathaoirleach ann ar an dá eagraíocht. Is cuma cén socrú foirmiúil atá ann, is é an comhlacht ionadaíochta a bheidh i gcaidreamh leis an ESA chun riachtanais na hearnála sin a léiriú i gcomhthéacs na pleanála atá bunaithe ar limistéar in eastát na scoileanna. D'fhéadfadh go mbeadh an t-úinéir mar mheán do phleananna a chur i bhfeidhm san earnáil chomh luath is atá an próiseas pleanála bunaithe ar limistéar críochnaithe - .i. chun cinntiú go bhfuil aird tugtha ar na moltaí forbartha riachtanacha taobh istigh de chomhthéacs an phlean limistéir comhaontaithe agus i gcomhairliú leis an eagraíocht ionadaíochta.

20. D'fhéadfadh go mbeadh ról níos dinimiciúla áfach ag an eagraíocht úinéireachta chun cabhrú leis an earnáil rialaithe a athrú ó ghrúpa scoileanna faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht ag na húdaráis áitiúla oideachais agus rialaithe acu go scoileanna atá nasctha go díreach lena bpobail áitiúla. Is fís fhadtéarmach fhéideartha don earnáil í, uair go mbeidh cumas na foirne agus na ngobharnóirí sa chuid is mó de scoileanna forbartha go dtí an pointe go bhfuil an Bord Gobharnóirí i ngach scoil ábalta agus sásta a bheith ina n-úinéirí dlíthiúla ar an scoil agus leas dílsithe sa scoil a mhéadú dá bharr. Ba leis an mBord Gobharnóirí (lena n-áirítear ionadaí foirne, tuismitheoirí, fostóirí, eaglaisí agus an pobal áitiúil srl.) an scoil agus dhéanfaidís bainistíocht ar a scoil agus réimse iomlán de sheirbhísí tacaíochta curtha ar fáil ag an ESA ar iarratas ón scoil. Is fís í seo ina mbeidh fíor-scoileanna áitiúla cruthaithe, áit a raibh iar-údarás oideachais i gceannas ar na scoileanna. Bheadh

bainistiú agus úinéireacht na scoile ag muintir na háite ar son leasa an phobail áitiúil.

21. Is fís fhadtéarmach í seo cinnte agus bheadh géarghá le tacaíocht uathu siúd san earnáil leis an bhfís seo a bhaint amach. Más é seo an treo atá ag teastáil ón ngrúpa áirithe scoileanna seo, d'fhéadfadh go mbeadh ról bunathraithe ag an eagraíocht sa ghearrthéarma/mheántéarma thar mhéid áirithe blianta chun úinéireacht agus bainistíocht ag leibhéal áitiúil a bhaint amach ar deireadh.

Tréithe an úinéara dhlíthiúil ar scoileanna atá faoi úinéireacht phoiblí

22. Caithfear go mbeadh an úinéireacht dílsithe i socrú éigin atá go hiomlán scartha ón ESA, chomh maith le bheith ar neamhthuilleamaí leis an Roinn Oideachais le coinbhleacht leasa iarbhír nó meabhairbhraite a sheachaint, ach go háirithe i leith saincheisteanna maoinithe agus pleanála.

23. Caithfear go mbeadh an socrú seo in ann an acmhainn oideachais (ag cinntiú go bhfuil scoileanna cothabháilte le caighdeán maith le hoideachas a sholáthar do gach aon duine sa linn seo agus sa todhchaí) agus sparán an phobail/sócmhainn phoiblí a chosaint tríd socruithe airgeadais láidre agus freagrachta a bheith ann.

24. Ó pheirspictíocht dhlíthiúil de, tá cearta agus dualgais faoi leith ag baint le "húinéireacht" agus ní mór a chinntiú go dtuigtear go hiomlán na himpleachtaí féideartha a bhaineann leis na socruithe úinéireachta éagsúla chun an sparán poiblí a chosaint. Cé go bhfuilimid soiléir faoin méid atá uainn agus úinéireacht á aistriú againn ón ESA (.i. aon choinbhleacht leasa meabhairbhraite nó iarbhír a bhaint) ní mór dúinn a bheith chomh soiléir céanna maidir leis an méid atá riachtanach ó thaobh freagrachta agus rialúcháin ar shócmhainní de.

Socruithe Freagrachta

25. Tá i bhfad níos mó i gceist le húinéireacht seachas gníomhais teidil na talún agus na bhfoirgneamh a bheith i do sheilbh. Tugtar réimse freagrachtaí agus cearta don úinéir dlíthiúil, lena n-áirítear an ceart chun úsáid a bhaint as maoin nó fáil réidh leis mar is cuí leis an úinéir, nó a bheith faoi dhliteanas costais atá bainteach leis an maoin cosúil le hárachas srl. a ghlanadh. Is cuma más le comhlacht atá bunaithe don chuspóir áirithe seo iad na scoileanna, nó gur le Boird Gobharnóirí ar leith iad; is scoileanna faoi úinéireacht phoiblí a bheidh iontu go deo agus beidh gá le rialúcháin áirithe le cinntiú nach mbeidh deis ag an úinéir dlíthiúil mí-úsáid a bhaint as na sócmhainní seo nó iad a chuir de láimh ar bhealach atá neamhfhóirsteanach. Beidh gá le líne dhíreach de fhreagracht don Roinn, don Aire agus don Tionól.

Cosaintí

26. Is sócmhainn an-luachmhar í seo (is fiú níos mó ná £2.3billiún é an t-eastát) agus cibé áit ina bhfuil úinéireacht dhlíthiúil ar deireadh, ba cheart go mbainfeadh na nithe seo a leanas léi.
    - Ba cheart go bhfanfaidh na scoileanna mar shócmhainní faoi úinéireacht phoiblí
    - Ba cheart go mbeadh an t-úinéir freagrach don Aire agus don Tionól as maoirseacht na sócmhainne;
    - Beidh gá le caidrimh atá mínithe go maith leis an Roinn, an ESA agus an gcomhlacht ionadaíochta earnála.
    - Ba cheart go gcoinneoidh an Roinn rialú éigin ar an úsáid sa todhchaí, forbairt, agus cur de láimh na sócmhainní áirithe seo;
    - Ba cheart go mbeadh an eagraíocht úinéireachta scartha ón ESA, ach maoinithe go hiomlán ag an RO;
    - Ba chóir go mbeadh sé de cheart ag an RO, baill na heagraíochta úinéireachta a cheapadh de réir prionsabail OCPANI;
    - Ba cheart maorlathas a sheachaint chomh fada agus is féidir.
    - Ba chóir go mbeadh seirbhísí an ESA á sholáthar do gach ceann de na scoileanna seo ar an mbealach céanna is atá seirbhísí á sholáthar do

scoileanna in earnálacha eile - níor cheart go mbeadh forluí nó dúbailt ar ghníomhaíochtaí an ESA.

Roghanna

27. Tá roinnt roghanna féideartha ann leis an gcuspóir seo a bhaint amach,:
    - comhlacht poiblí reachtúil a chruthú le bheith i gceannas ar scoileanna rialaithe (i gcoimhlint le príomhchuspóir polasaí an ARP);
    - úinéireacht ag an RO (i gcoimhlint le ról na Roinne sa todhchaí, agus saincheisteanna maidir le coinbhleacht leasa á dhianú seachas á réiteach);
    - Iontaobhas poiblí (bheadh sé faoi réir ag dlí na nIontaobhas agus tá an baol ann nach mbeadh cosaint imleor don tsócmhainn);
    - iontaobhais atá níos lú á chruthú i scoileanna ar leith nó i ngrúpaí de scoileanna áit a mbeadh cead le húinéireacht a aistriú chuig na Boird Gobharnóirí (faoi láthair, níl acmhainní ag an gcuid is mó de scoileanna le tabhairt faoin ról seo);
    - Cuideachta theoranta (bheadh sí faoi réir ag dlí na gcuideachtaí agus an maorlathas breise a ghabhann leis);
    - Cuideachta le stádas carthanachta (bheadh sí faoi réir ag dlí na carthanachta a mbeadh buntáistí ag baint leis ó thaobh cúrsaí CBL de, ach a mbeadh míbhuntáiste ag baint leis toisc go dtugann cásdlí le tuiscint nach mbeadh sparán an phobail cosanta a dhóthain).

<u>Cúrsaí Costais</u>

28. Beidh impleachtaí ó thaobh costais de ag baint le haistriú úinéireachta ón ESA ar deireadh. Beidh costais bhreise ann atá bainteach le méadú i riarachán, mar shampla. Beidh Bord ceaptha go poiblí ag teastáil ón gcomhlacht nua chomh maith le foireann agus áitreabh. Bheadh air a chuntais, thuarascáil bhliantúil srl. féin a chur le chéile.

29. I gcomparáid leis na BOLanna, b'fhéidir go mbeadh ar an gcomhlacht nus CBL a íoc. Tá an Roinn ag lorg díolúine ó CBL don ESA, mar chomharba díreach ar na BOLanna. Tá seans ann go mbeidh an dara comhlacht poiblí arna bhunú chun glacadh le cuid d'fheidhmeanna na mBOLanna in ann an dispeansáid seo a fháil ach ní féidir a bheith cinnte faoi seo i láthair na huaire. Mura dtugtar díolúine ó CBL, bheadh costais CBL an eastáit mór go leor. Beidh bille CBL de tuairim is £700k in aghaidh na bliana ar feadh saolré 25 bliana an chonartha ar íocaíocht aonadach scoil amháin, a tógadh le déanaí faoi shocruithe PPP, agus rollú fadtéarmach de 1830 ag an scoil.[1].

30. Faoi phrionsabail an Choimisiúin um Sheirbhíse Poiblí, aistreofar an fhoireann atá ann cheana agus na feidhmeanna atá acu ó na BOLanna go dtí an ESA. Má dhéantar an dara comhlacht poiblí a chruthú chun glacadh le feidhm na húinéireachta, b'fhéidir go mbeadh ar an bhfoireann seo aistriú arís don dara huair leis an gclampar agus costais bhreise atá ag gabháil leis.

31. Bíodh go bhfuil aistriú talún, atá mar thoradh ar mhór-atheagrú an rialtais saor ó Dhleacht Stampála, ní fios go fóill an mbeidh an dara haistriú (.i. ón ESA go dtí an dara comhlacht poiblí) díolmhaithe freisin - dá mba rud é nach mbeadh, bheadh an dleacht stampála an-mhór ar eastát le luach de bhreis ar £2.3billiún.

32. Má tá táillí iníoctha (m.sh. ag Clárlann na Talún) don aistriú go dtí an ESA, caithfear iad a íoc arís ar an dara haistriú. Mar an gcéanna, ní bheadh tarscaoileadh ar tháillí a socraíodh sa chéad aistriú ar fáil don dara ceann.

[1] Figiúr tugtha ag Brainse Airgeadais na Scoileanna

33. Déanann na BOLanna 'iad féin a chur faoi árachas' d'eastát na scoileanna rialaithe; d'fhéadfadh go mbeadh ar chomhlacht úinéireachta nua árachas tráchtála a cheannach.

Cúrsaí Eile

34. Cuirfear an ESA faoin gcúram dlíthiúil céanna atá ag na BOLanna faoi láthair chun "scoileanna dóthanacha" a sholáthar. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh an ESA an inniúlacht atá acu a choinneáil ó thaobh moltaí forbartha don eastát a sheoladh isteach nuair is gá, fiú nuair nach leo níos mó na scoileanna rialaithe sin. Do pháirtithe leasmhara áirithe, tá an baol ann nach mbeadh an choinbhleacht leasa meabhairbhraite réitithe tríd freagrachtaí úinéireachta a bhaint ón ESA.

Rogha Tosaíochta

35. Má tá an t-úinéir dlíthiúil bunaithe mar iontaobhas, mar chomhlacht, mar charthanacht nó mar aonán dlíthiúil ar bith eile, ós rud é go bhfaighidh sé an maoiniú ar fad ón Roinn, agus go mbeidh an Roinn ag iarraidh smacht a choinneáil ar an gcomhlacht agus a shócmhainní, áireofar é mar chomhlacht poiblí. Beidh comhlacht reachtúil poiblí faoi réir ag rialachas agus socruithe freagrachta soiléire, cosúil leis na cinn a bheidh in úsáid don ESA. Tá an chosúlacht ar an scéal go mbeidh siad níos trédhearcaí agus solúbtha ná na cinn atá éascaithe ag dlí na gCuideachtaí agus na nIontaobhas.

36. Dá bhrí sin, tá sé soiléir gurbh fhearr comhlacht reachtúil poiblí a bhunú a bheadh faoi réir ag rialála airgeadais, ag socruithe rialachais agus freagrachta mar atá leagtha amach i gCuntasaíocht an Rialtais i dTuaisceart Éireann (GANI), agus gan baint a bheith ag an iomarca maorlathais leis an eagraíocht tríd an eagraíocht a bhunú mar aonán dlíthiúil ar leith, faoi réir ag riachtanais dhlíthiúla na reachtaíochta áirithe a rialaíonn an cineál aonáin áirithe sin (.i. dlí na gCuideachtaí, Dlí na nIontaobhas srl.).

Ceisteanna

1. **Agus muid ag glacadh leis go bhfuil gá le húinéireacht scoileanna rialaithe a aistriú amach as an ESA ach úinéireacht phoiblí a choinneáil, agus ag tabhairt san áireamh na ceisteanna dlisteanacha atá ag na páirtithe leasmhara agus ansin iad sin a chur in aghaidh na gcostas breise a mbeidh ann ar shocruithe úinéireachta nua agus sárú á dhéanamh ar phríomh-phrionsabal ARP ag an am céanna, an fiú leanúint le comhlacht reachtúil úinéireachta a bhunú**?

2. **An mbeadh na moltaí atá sa dhoiciméad seo in ann ábhar imní na bpáirtithe leasmhara a fhreagairt?**

3. **An bhfuil socrú úinéireachta níos feiliúnaí ann a bheadh in ann ábhar imní na bpáirtithe leasmhara a fhreagairt agus costais agus rioscaí á choinneáil ag an méid is lú, chomh maith le cinntiú go bhfuil rialúcháin airgeadais láidre agus socruithe freagrachta ann ag cosaint na sócmhainne seo do na glúinte atá le teacht?**

4. **Ar cheart go mbeadh gníomhais na scoile amháin faoi sheilbh an úinéara dhlíthiúil, nó ar cheart go mbeadh ról bunathraithe acu san fhadtéarma?**

5. **An aontaíonn tú gur cheart go mbeadh oibleagáid reachtúil ar an gcomhlacht úinéireachta tuairimí na heagraíochta ionadaíochta a chur san áireamh?**